

## Scéalta éagsúla

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thrí scéal éagsúla. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat na focail / frásaí ar chlé a mheaitseáil leis na focail / frásaí ar dheis?

1. an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte	a) <i>newborn child</i>
2. geallta	b) <i>call centre</i>
3. craoltóir aitheanta	c) <i>promised</i>
4. míchumas	d) <i>City Mayor</i>
5. ionad glaonna	e) <i>mosquitoes</i>
6. corrmhíolta	f) <i>the World Health Organisation</i>
7. Méara na Cathrach	g) <i>recognised broadcaster</i>
8. ionad eachtraíochta	h) <i>books of condolence</i>
9. leabhair chomhbhróin	i) <i>adventure centre</i>
10. leanbh nuabheirthe	j) <i>disability</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

### Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus cuir na focail ó cheist 1 thuas faoi na teidil chearta.

#### Terry Wogan

#### Poist Nua

#### An Víreas Zica

### Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo:

77, 120, 130, agus 480

2. Cén dochar, a mheastar anois, a dhéanann an víreas Zica?

### Ceist 4

‘...a bhásaigh...’

Bhí na briathra seo thíos le cloisteáil san aimsir chaite sa chéad mhír.

Básaigh

Bí (tá)

Sínigh

**VIFAX 02 Feabhra 2016**  
**Bunleibhéal**

Scríobh amach san aimsir chaite anois iad i ngach pearsa. Cum an fhoirm cheisteach de gach briathar freisin agus na freagraí dearfacha agus diúltacha. Féach ar na samplaí seo a leanas chun cuidiú leat.

**Ceannaigh**

Cheannaigh mé cóta nua aréir.  
Ar cheannaigh tusa aon rud inné?  
Cheannaigh.  
Níor cheannaigh.

**Bris**

Bhris mo dheartháir sé ghloine an tseachtain seo caite.  
Ar bhris tú féin aon ní luachmhar riamh?  
Bhris.  
Níor bhris.

**Ceist 5** '...Contae Lú...'

1. Cén cúige ina bhfuil Contae Lú suite?
2. Cad iad na contaetha eile sa chúige sin?

**Ceist 6** Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad atá ar eolas agat faoi Terry Wogan?
2. An bhfuil aon chur amach agat ar an ionad eachtraíochta *We Are Vertigo*, nó aon cheann eile cosúil leis?
3. An gceapann tú go bhféadfadh an víreas *Zica* teacht go hÉirinn? Cén fáth?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	c	g	j	b	e	d	i	h	a

### Ceist 2

#### Terry Wogan

craoltóir aitheanta  
leabhair chomhbhróin  
Méara na Cathrach

#### Poist Nua

geallta  
ionad glaonna  
ionad eachtraíochta

#### An Víreas Zica

an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte  
míchumas  
cormhíolta  
leanbh nuabheirthe

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

#### **Básaigh**

Bhásaigh mé, tú, sé, sí, muid (*nó* Bhásaíomar), sibh, siad.  
Ar bhásaigh sé...? Bhásaigh./Níor bhásaigh.

#### **Bí (tá)**

Bhí mé, tú, sé, sí, muid (*nó* Bhíomar), sibh, siad.  
An raibh sé...? Bhí./Ní raibh.

#### **Sínigh**

Shínigh mé, tú, sé, sí, muid (*nó* Shíníomar), sibh, siad.  
Ar shínigh tú...? Shínigh./Níor shínigh.

### Ceist 5

#### Cúige Laighean

Contae Bhaile Átha Cliath  
Contae Cheatharlach  
Contae Chill Chainnigh  
Contae Chill Dara  
Contae Chill Mhantáin  
Contae na hIarmhí

Contae Laoise  
Contae Loch Garman  
Contae an Longfoirt  
Contae Lú  
Contae na Mí  
Contae Uíbh Fhailí

### Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

## Eimear Ní Chonaola

### Scéal 1

Osclaíodh leabhair chomhbhróin ar maidin i Luimneach don chraoltóir aitheanta Terry Wogan, a bhásaigh inné. Seacht mbliana déag le cois na trí scor a bhí sé. I 1938 i Luimneach a rugadh Terry Wogan. Bronnadh saoirse na cathrach air in 2007. I measc na ndaoine a shínigh na leabhair inniu bhí Méara na Cathrach agus comhairleoirí eile.

### Scéal 2

Fógraíodh postannaí<sup>1</sup> i gCorcaigh, i gContae Lú agus ar fud na tíre inniu. Tá an t-ionad eachtraíochta *We Are Vertigo* le hionad nua a oscailt i nDún Dealgan an bhliain seo chugainn. Cruthófar suas le céad fiche post páirtaimseartha agus lánaimseartha. Tá céad tríocha post nua geallta ag *Abtran* i gCorcaigh le seirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí an chomhlachta *Sky*. Sin céad tríocha post sa mbreis<sup>2</sup> ar an ocht gcéad duine atá fostaithe ag *Sky* ina ionad glaonna i mBaile Átha Cliath.

Agus tá sé fógartha ag an siopa *Centra* go bhfuil an comhlacht le sé shiopa dhéag nua a oscailt i mbliana agus go gcruthófar ceithre chéad ochtó post nua dá bharr.

### Scéal 3

Tá sé fógartha ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur éigeandáil dhomhanda atá anois sa víreas *Zica*, atá á scaipeadh ag corrmhíolta. Meastar gurb é an víreas is cúis le míchumas a bheith ar na mílte leanbh nuabheirthe sa mBrasaíl. Tá súil anois, ó tharla an fógra déanta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, go gcuideoidh sé sin gníomh idirnáisiúnta a chur sa siúl.

---

<sup>1</sup> *poist* an leagan caighdeánach

<sup>2</sup> Córas Chonnacht